Nuacht Neasáin

Nollaig 2015

Nuacht agus Fógraí Ginearálta

Tá an chéad téarma nach mór curtha dínn againn agus sinn ar fad ag súil go mór leis na laethanta saoire. Bhí téarma an-ghnóthach againn ar fad, le hobair ar na fuinneoga ag leanúint ar aghaidh i rith an téarma ar fad, ranganna iarscoile faoi lán seoil agus buaicphointe gan amhras i mbliana ná an bua iontach a bhí ag foireann na gcailíní i bPáirc an Chrócaigh ar an 3 Samhain.

Guíonn foireann na scoile Nollaig faoi shéan agus faoi mhaise oraibh ar fad agus bliain úr mhaith. Beidh na laetha saoire ag tosnú ag 11.45 ar an 23 Nollaig. Osclóidh an scoil arís ar an 6 Eanáir 2016.

Cuairt Dhaidí na Nollag

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil le Gaeloideas as an ócáid álainn a reáchtáil siad ar an 6 Nollaig nuair a d'fháiltigh siad roimh Dhaidí na Nollag anseo i Scoil Neasáin. Bhí an scoil draíochtúil an mhaidin sin, maisithe go gleoite, scuainí an-eagraithe agus grianghraif tógtha agus seolta cheana féin ag clanna na scoile. Ní tharlaíonn a leithéid d'ócáid gan go leor pleanála agus eagrú agus táimid go mór faoi chomaoin ag Gaeloideas agus ag Cumann na dTuistí a chabhraigh ar an lá sin. Bhí daoine ag obair i gcaitheamh na deireadh seachtaine agus níor críochnaíodh suas go dtí 4.00i.n. tráthnóna Domhnaigh.

Braitheann an ócáid seo go mór ar chabhair ó thuismitheoirí go háirithe tráthnóna Aoine. Ba chúis mhór díomá i mbliana é nár tháinig éinne chun cuidiú tráthnóna Aoine cé is moite den choiste féin a bhí sa scoil idir 3.00 – 9.00. Tá todhchaí na hócáide ag brath ar chomhoibriú phobal na scoile agus ba mhór an trua dá rachadh sé i léig.

D'eagraigh Gaeloideas féilirí arís i mbliana agus rinne Mairéad Uí Shúilleabháin agus Yvonne Ní Shioradáin ó choiste Ghaeloidis an-chuid oibre ag comhordú na hoibre go léir. Tá roinnt féilirí fós ar fáil ó oifig on rúnaí. Tá grianghraf de gach rang sa scoil agus sa naíonra air.

Drámaí agus Aifreann na Nollag

Léirigh na naíonáin drámaí sa halla ar an Déardaoin, 17/12. Bhí slua breá i láthair agus bhí na gasúir go hiontach.

Léifidh an tAthair Caoimhín Aifreann na Nollag sa halla ag 12.00 ar an 21/12. Bíonn roinnt suiocháin ar fáil ag an Aifreann do thuistí más maith leo bheith linn.

With the first term over us we are all looking forward to the Christmas holidays. We have had a very busy term with the continuing work on the replacement of windows and doors, after school activities and no doubt the highlight being the girls' win in Croke Park on the 3rd November.

The staff would like to wish everybody a happy and peaceful Christmas and a very happy new year. Christmas holidays will begin on the 22nd December at 11.45.

Cuairt Dhaidí na Nollag

We would like to thank Gaeloideas sincerely for the wonderful occasion which they organised in the school on the 6th December when they welcomed Daidí na Nollag to the school in style. The place was magical, decorated beautifully, queues well managed and photographs taken and emailed promptly. Such an occasion does not happen without considerable planning and organising and we are deeply grateful to Gaeloideas and to Cumann na dTuismitheoirí who helped that morning. Volunteers worked all weekend and did not finish up until after 4.00 on Sunday evening.

This occasion depends very much on the help of volunteer parents especially on the Friday evening. The turnout this year was very disappointing despite a number of texts requesting help. The Committee themselves were left working from 3-9 on that Friday. The future of this event depends entirely on the co-operation of all the community and it would be a huge shame if it were to cease due to lack of support for the preparations.

Gaeloideas also organised the school calendars this year and Mairéad Uí Shúillebhain and Yvonne Ní Shioradáin did a huge amount of work co-ordinating the project. A few calendars are still available from the office or to purchase via the Gaeloideas EPP link on the school website. Every class' photo is in the calendar again this year and it is a lovely momento to keep.

Drámaí agus Aifreann na Nollag

N1,N2 performed their short plays in the school hall on Thursday 17/12. The hall was full and the children were fantastic.

An tAthair Caoimhín will read the Christmas mass on Monday, 21/12 at 12.00p.m. There are a limited number of seats available for parents who wish to attend.

Dátaí don Dialann

Dates for your diary

Briseadh Mean Téarma / Mid Term

18-19 Feabhra / February

Beidh an scoil dúnta

An Chéad Chomaoineach / 1st Communion

23 Aibreán / April 11.30r.l.

An Cóineartú / Confirmation

15 Aibreán / April 11.30r.l.

Buíochas do Nichola agus Emma Nic Conchoille a bhí gnóthach ag cniotáil bandaí gruaige do lucht tacaíochta na foirne peile. Bhí an-tóir ar na bandaí agus tá an t-airgead a bhailigh siad bronnta acu ar Mhúinteoir Shane don charthannacht atá aige.

Special thanks to Nichola and Emma Nic Conchoille who were busy knitting the lovely hairbands sported by our supporters in Croke Park. They were very popular and they have donated the money they made to Múinteoir Shane's charity

Buíochas do Victoria Mhic Liam a réitigh málaí áille labhandair agus a bhailigh €100 don scoil ag ócáid Dhaidí na Nollag.

Many thanks to Victoria Mhic Liam who raised €100 for the school with her lavender bags during Daidí na Nollag's visit.

Craobhacha Pháirc an Chrócaigh

Bhí an-lá againn i bPáirc an Chrócaigh nuair a bhuaigh foireann cailíní na scoile Corn Comhar Linn I bPáirc an Chrócaigh ar an 3 Samhain. Léirigh an fhoireann an-spiorad ar an lá agus bhí an lucht tacaíochta thar cinn. Táimid an-bhródúil as an scoil agus go háirithe as na peileadóirí ar fad a bhí ag traenáil ó thús na bliana. Buíochas ar leith do chuile dhuine a chabhraigh leis an traenáil sin - Tomás, Joanne, Deirble, JP, Aodán agus dos na páistí a thug suas a gcuid ama gach seachtain le bheith páirteach ar fhoireann na scoile.
Buíochas ar leith don Chomhar Creidmheasa a rinne urraíocht ar an mbus foirne ar an lá. Táimid go mór faoi chomaoin acu as an tacaíocht ar fad a thugann sisd don scoil agus as an scéim coigiltis a ritheann siad sa scoil.

We had a great day in Croke Park on the 3rd November when the girls' team won their final for the second year in a row. The team displayed competitive spirit on the field and the support was fantastic. We are very proud of the school and in particular the footballers who have been training since the beginning of the year. A big thanks to all who were involved in training, Tomás, Joanne, Deirble, JP, Aodán and to the children who gave of their time every week to be part of the team.
A special thanks to the Member First Credit Union who sponsored team transport to the match. We are indebted to them for all the support they offer the school.

Bhí Rang 6 ag canadh carúil le Jennifer agus Seán ag an Ospais i Rath Eanaigh Dé Luan seo caite. Ócáid bhliantúil a bhíonn i gceist anseo.

Rang 6 along with Jennifer and Seán were singing carols at the hospice in Raheny on Monday last. This is an annual event.

Nollaig Shona agus athbhliain faoi mhaise do chách

Bhí R3 ar thuras go dtí an Ark ag deireadh mí na Samhna chun ceardlann ealaíne a dhéanamh. D'éirigh go han-mhaith leo ar an lá agus tugadh ardmholadh dóibh as a gcruthaíocht agus as a mbéasaí.
R3 went on a trip to the Ark at the end of November to partake in an artistic workshop. They were complimented on their creativity and fine manners. Molaimid iad.

Déanaimid comhghairdeas le Múinteoir Orflaith agus a fear céile, Fiachra ar bhreith a mic Tomás i mí Meán Fómhair. Bhí siad ar cuairt againn le déanaí iad beirt in ard-form. *Congratulation to Múinteoir Orflaith and her husband, Fiachra on the birth of their son, Tomás in September. Mother and baby visited recently and are both in great form.*

Bailíodh €5100 ar an lá sport do chách i mbliana. Míle buíochas do chuile dhuine a thug tacaíocht dúinn. Tá €2,500 den airgead sin bronnta ar Charthannacht Leah Carmody.

We raised €5100 on the Sport for all Day this year. A huge thank you to all who supported the event. €2500 of this money has been donated to the Leah Carmody Trust.

Bronnadh na Brataí

Bronnadh an bhratach náisiúnta ar an scoil ar an 25 Samhain agus bhí ócáid álainn againn sa scoil. Tháinig triúr oifigeach ón Airm ar cuairt, léadh an forógra, casadh ceoil agus Amhrán na bhFiann, bronnadh an bhratach ar an bpáiste is óige sa scoil agus bronnadh an forógra ar an mbeirt is sine sa scoile. Beidh lá mór againn ar fad ar an 15 Márta seo chugainn nuair a ardófar an bhratach i ngach scoil sa tír. Tugadh cuireadh dúinn freisin ár bhforógra féin a scríobh don bhliain 2016 agus beidh obair ag tosnú sna ranganna air seo i ndiaidh na Nollag.

The National flag was presented to the school on the 25th of November and we had a lovely presentation ceremony on the day. Three members of the Irish Army visited the school, read the proclamation, answered questions, listened to music and we all sang Amhrán na bhFiann. The flag was presented to the youngest child in the school while the English and Irish versions of the Proclamation were presented to the two eldest children in the school. March the 15th marks a very special day, Proclamation Day, when every school in the country will raise its flag. We were also invited to write our own Proclamation for 2016 and work on this project will begin in the new year.

Mathletes / Learnstorm ag tosnú do R4,5,6 ag deireadh Eanáir.
Mathletes / Learnstorm Challenge begins end of January

Páirceáil / Parking

Tá fadhb mhór againn le páirceáil arís taobh amuigh den scoil go háirithe ar maidin. Leagtar amach cóin ionas nach bpáirceálfaidh caranna sna spásanna sin ná ar na línte buí. Gach maidin bíonn carranna páirceáilte trasna an gheata nó ar na línte buí rud nach bhfágann aon spás do na busanna tarraingt isteach, nach dtugann radharc an bhóthair do pháistí ag trasnú agus a chuireann bac le múinteoirí na scoile teacht isteach sa charrchlós. Is fúinn ar fad bheith freagrach agus airdeallach sula ngortófar páiste ag geataí na scoile de bharr iompair an mhionlaigh. Iarrtar ar gach duine bheith airdeallach agus spásanna maireáilte ag na cóin agus na línte buí a fhágáil saor ó charranna. Roinn an teachtaireacht seo le bhur dtoil le gach duine a bhíonn ag fágáil páistí ag an scoil.

We have a big problem with parking again outside the school gates particularly in the morning time. Cones are laid out so as cars will NOT park in these areas or on the yellow lines. Every morning cars park across the gate or in the spaces provided for the buses indicated by the yellow lines. This prevents the buses from pulling in, restricts children's view and prevents teachers' cars from entering the carpark. It is our collective responsibility to be alert before a child is seriously injured by the behaviour of a minority. This message should be conveyed to everyone dropping children to school: to respect the areas designated by yellow lines and cones as being car free.

Cumann na dTuistí agus Leabhrán Eolais do thuismitheoirí

Buíochas ó chroí do Emer Dollard atá ag éirí as mar Chathaoirleach ar Chumann na dTuistí. I measc na mór oibre a rinne Emer bhí an leabhrán eolais do thuismitheoirí a thabhairt suas chun dáta le cabhair ó Derval Uí Churnáin agus an coiste. Tá teacht ar an leabhrán seo i bhfoirm PDF ar shuíomh na scoile. Chomh maith leis sin 'sí Emer a chur tús leis an gCéilí clainne thart ar sheachtain na Gaeilge gach bliain. Buíochas le gach duine ar an gcumann atá ag éirí as tar éis tréimhse a thabhairt don scoil. Guímid ádh mór ar Jacinta Ní Heasláin atá ag teacht i gcomharbacht ar Emer.
Many thanks to Emer Dollard who is standing down as Chairperson of the Parents' Association. Among the work that Emer accomplished during her time was the updating of the parents' information booklet which she did with help from Derval Uí Churnáin and the committee and which is now available as a PDF on the website. It was Emer also who initiated the Céilí Clainne every March. Many thanks to all memebrs of the committee who are standing down for their time helping the school and the very best of luck to Jacinta Ní Heasláin who succeeds Emer as chairperson.